



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

---

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

---

---

DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

---

## SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

---

1. Freagair sé pháirt ar bith as (a) – (j).
- (a) Déan comparáid idir struchtúr na mbláthanna de shamplaí **ainmnithe** as na finte Rosaceae agus Cruciferae.
  - (b) (i) Céard a chialláonn *bailscóráil* maidir le ba?  
(ii) Tabhair na bailscóir a mholtar do bhó bhainne le linn seirbheála **agus** le linn breithe lao.
  - (c) Mínigh an difríocht idir imdhíonacht ghníomhach agus imdhíonacht fhulangach **agus** tabhair sampla **amháin** de gach aon cheann díobh ón talmhaíocht.
  - (d) Liostaigh **trí** chleachtas a mhéadódh pobal na gcuiteog i dtalamh feirme.
  - (e) Déan cur síos ar an gcaoi a riarrann feirmeoir do phéacadh optamach síl **agus** do bhunú optamach bairr.
  - (f) Ainmnigh monaisiúicríd **amháin** agus polaisiúicríd **amháin** a fhaightear i bhféar **agus** liostaigh na **trí** phríomhdhúil a fhaightear sna comhdhúile sin.
  - (g) (i) Ainmnigh ball **amháin** de **gach ceann** de na filim Platyhelminthes agus Arthropoda.  
(ii) Sainaithin galar eallaigh **amháin** a bhfuil **gach ball** ar leith de na filim atá ainmnithe agat ina chúis leis.
  - (h) (i) Mínigh an téarma *siombóis*.  
(ii) Tabhair **dhá** shampla den tsiombóis ón talmhaíocht.
  - (i) Déan cur síos ar an gcaoi a n-aithneofá cloch aoil mar máthairábhar in ithir.
  - (j) Déan idirdhealú idir stólan (reathaire) agus riosóm **agus** tabhair sampla **amháin de gach aon cheann** díobh ón talmhaíocht.

(60 marc)

2. (a) (i) Ainmnigh cineál **amháin** cisil ithreach.  
(ii) Tabhair cuntas achomair ar an gcaoi a bhfoirmítear an cisil ithreach ainmnithe.  
(iii) Luaign fadhb **amháin** a bhaineann leis an gciseal ithreach ainmnithe.  
(iv) Luaign cén chaoi a bhféadfáí fáil réidh leis an gcisil ithreach ainmnithe.
- (b) (i) Déan cur síos ar an ngléireadh **agus** a ról i bhforbairt próifil ithreach.  
(ii) Mínigh na tosca is ceart a chur san áireamh agus samplaí ithreach á mbailiú i gcomhair anailísé.
- (c) Déan cur síos ar thurgnamh chun láithreacht nítrigine i sampla ithreach a iniúchadh.

(48 marc)

## Rogha a hAon

3. (a) Déan comparáid idir innilt samhraidh agus ramhrú geimhridh mar chórais le bailchríoch a chur ar ainmhithe mairt.
- (b) Déan cur síos ar **cheithre** chálíocht a bheadh á lorg ag feirmeoir agus bodóga athsholáthair á roghnú aige i gcomhair tréada déiríochta.
- (c) Tagann laghdú ar an Éifeachtúlacht Comhshóite Bia (ECB) le haois in ainmhithe feirme.
- (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi **agus** tabhair sampla den ECB i dtaca le hainmhí feirme **ainmnithe**.
- (ii) Mínigh cén fáth a laghdaíonn an ECB le haois in ainmhí.
- (iii) Mínigh cén chaoi a bhféadfadh feirmeoir an ECB ina thréad a fheabhsú.

(48 marc)

## NÓ

## Rogha a Dó

3. (a) Déan cur síos ar **cheithre** chleachtas bainistíochta féaraigh a mbaintear úsáid astu chun sadhas ar ardchálíocht a tháirgeadh.
- (b) (i) Mínigh cén fáth ar cheart go bhfaigheadh ainmhí óg gruth buí ar an lá a saolaítear é.  
(ii) Liostaigh **trí** bhuntáiste leis an ngruth buí don ainmhí óg.
- (c) (i) Tabhair cuntas achomair ar phríomhghnéithe an stíallínír.  
(ii) Tabhair **dhá** bhuntáiste **agus dhá** mhíbhuntáiste leis an stíallínír i mbeathú caorach le fréamhacha fodair.


(48 marc)

4. Déan cur síos ar thurgnamh saotharlainne nó páirce maidir le haon **dá** cheann díobh seo a leanas:
- (a) chun an méid ábhair thirim i gcineálacha éagsúla prátaí a fháil amach
- (b) chun cálíocht shláinteach bainne a fháil amach
- (c) chun gruthú ithreach a thaispeáint
- (d) chun tionchar na hinnilte ar chomhdhéanamh luibheolaíoch féaraigh a thaispeáint.

(48 marc)

[THALL]

5. (a) (i) Ainmnigh an galar a bhfuil easpa iarainn in aiste bia ainmhí ina cúis leis.  
(ii) Déan plé ar ról an iarainn san fhuil.  
(iii) Luaign bealach **amháin** chun easpa iarainn i mbeostoc a sheachaint.
- (b) Taispeántar croí mamach diosctha sa léaráid.



- (i) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A, B, C, D orthu.  
(ii) Luaign ceann cursa na fola atá ag sreabhadh  
1. in X  
2. in Y.  
(iii) Luaign príomhthréith na fola  
1. in X  
2. in Y.
- (c) Is paraísít is cúis le fiabhras an bhuinne dheirg in eallach. Ceann de chomharthaí an reachta is ea go dtagann dath dearg ar fhual an ainmhí.  
Mínigh an chúis le dath dearg an fhual.

**(48 marc)**

6. (a) Déan cur síos ar **cheithre** chomhartha aibíochta i mbarr gráin.
- (b) Déan comparáid idir fás eorna bhraiche agus eorna bheathúcháin faoi na ceannteidil a leanas:  
(i) Cineál ithreach  
(ii) Uainíocht  
(iii) Córas leasacháin  
(iv) An úsáid deiridh.
- (c) Tarraig léaráid lipéadaithe chun na príomhstruchtúir de ghráinne gránaigh i bhfadghearradh a thaispeáint.

**(48 marc)**

7. (a) Mínigh **gach aon cheann** de na téarmaí seo a leanas:
- (i) Idirphas
  - (ii) Haplóideach
  - (iii) Ionphórú.
- (b) Déantar planda gráin bhui, atá heitrisigeach maidir leis na hailléilí cúlaitheacha don scothóg mhaol (c) agus don antar gearr (f), a fhéintoirchiú agus bailítear na síolta. Níl na géinte don chineál scothóige agus d'fhad an antair nasctha. Bain úsáid as crosáil chun a thaispeáint cén chomhréir den sliocht a mbeifeá ag súil leis a thaispeánfadh
- (i) scothóg chlúmhach
  - (ii) antar gearr
  - (iii) scothóg chlúmhach **agus** antar gearr.
- (c) Is de thoradh ceannais neamhiomlán a bhíonn cóta gríséadach ar eallach gearr-adharcach. Bain úsáid as crosáil chun a thaispeáint cén chaoi a n-éiríonn cóta gríséadach ó thuismitheoirí homaisigeacha.

**(48 marc)**

8. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c).
- (a) Déan cur síos ar na cleachtais riarthá a bhíonn i gceist agus cráin á hullmhú le haistriú ón teach cráin seisce gó dtí an teach breithe ag deireadh na tréimhse iompair.
- (b) (i) Mínigh an chiall atá leis an téarma *EBO* (*BOD* sa Bhéarla).  
(ii) Ainmnigh truailleán talmhaíochta **amháin** a bhfuil EBO ard ag baint leis.  
(iii) Mínigh cén chaoi a gcuireann an truailleán ainmnithe isteach ar chálíocht an uisce.  
(iv) Mol **dhá** phríomhghná de straitéis bhainistíochta dramhaíola le haghaidh an truailleáin ainmnithe.
- (c) Déan soiléiriú ar na príomhdhifríochtaí idir bhaill de **thrí** cinn ar bith de na péirí seo a leanas:  
(i) Aimínaigéid riachtanacha agus neamhriachtanacha  
(ii) Bliantóga agus débhliantóga  
(iii) Draenáil agus uisciú  
(iv) Péisteanna lúbánacha agus péisteanna rua.

**(48 marc)**

9. Tabhair míniú eolaíochta ar **cheithre** cinn ar bith díobh seo a leanas:
- (a) Gníomhú giosta sa ghrúdaireacht **agus** sa bhácáil.
- (b) Tástáil sleachta na dtarbh I.S. (A.I.).
- (c) Úsáid ceimiceán sistéamacha chun aifidí a smachtú.
- (d) Easpa riandúile i dtáirgeadh barr.
- (e) Toisc go gcoimeádtar an spás lámhachán (creep area sa Bhéarla) do bhaibh ag teocht níos airde ná an chuid eile den teach breithe.

**(48 marc)**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán